Eagrán : Eanair 2018

NUACHTLITIR

Gaelscoil Thaobh na Coille

16/01/2018

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Tús maith leath na hOibre

## Féilire 2018



Comhghairdeachas le Coiste na dTuismitheoirí agus gach duine a raibh baint nó páirt acu leis an bhféilire scoile do 2018 a chur le chéile. Rinneadar an-obair go deo agus tá toradh na hoibre sin le feiceáil ar an bhféilire. Tá sé go hálainn ar fad. Buíochas freisin leis na hurraí ar fad & buíochas speisialta le Aoife & Paul (tuistí le Maedhbh R2B & Sibéal N1C) ó Paul McCarthy Photography www.paulmccarthyphotography.com as an obair ghriangrafadóireachta a dhéanamh.

*Congratulations to Coiste na dTuismitheoirí & everyone involved in putting together the 2018 Calendar. What a wonderful job they did on it, so colourful and bright - a great souvenir. Tá sé go hálainn ar fad. Thanks to all the sponsors and a special mile buíochas to Aoife & Paul (parents of Maedhbh R2B & Sibéal N1C) from Paul McCarthy Photography www.paulmccarthyphotography.com for doing all the photography.*

## Scoil Dúnta School Closed

LUAN 29/01/2018

Beidh an scoil dúnta do na páistí ar an Luan an 29 Eanair 2018 mar go mbeidh foireann na scoile ag freastal ar lá inseirbhíse don Churaclam Teanga nua. Níl an dáta seo luaite ar an bhféilire scoile.

*The school will be closed for the pupils on Monday the 29th of January 2018 as the staff will be attending an in-service training day on the new language curriculum. This school closure is not marked on the school calendar.*




## Graffiti Classics



Beidh an grúpa ceoil iontach *Graffiti Classics* ag teacht chun na scoile ar an Luan seo chugainn an 22 Eanáir. Tá clú agus cáil idirnáisiúnta ar *Graffiti Classics* mar thoradh ar an gcur i láthair spleodrach, sár-ghreannmhar, idirghníomhach a thugann siad. Cuirfidh an ceathairéad fíor-ghreannmhar seo an ceol clasaiceach i láthair ar bhealach spraoiúil agus ar leithligh. Beidh dhá cheolchoirm ar siúl ar an lá, ceann do na ranganna sóisearacha agus ceann eile do na ranganna sinsearacha. Iarraimíd go n-íocfaidh na páistí €2 an duine i Leith na ceolchoirme seo (€5 uaschostas clainne).

*The fantastic* Graffiti Classics *will be coming to the school on Monday next the 22nd of January.* Graffiti Classics *are internationally renowned for their highly interactive, seriously funny and thoroughly thrilling performances. The children will be introduced to the world of classical music in a fun and accessible way with the totally unique style of this hilarious string quartet! There will be two performances on the day, one for the junior classes and another for the senior classes. We are asking for a contribution of €2 per child for this concert (€5 max per family).*

## Bunscoil Oideachas le Chéile na Céime Stepaside ETNS



Tá foirgneamh scoile nua Bunscoil Oideachas le Chéile na Céime gar de bheith tógtha agus beidh siad ag bogadh isteach go Gleanntán Beallairmín ag tús na míosa seo chugainn. Tá sé tráthúil marsin athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí tráchta agus páirceála thart timpeall na scoile.

Níl dabht ar bith ach go mbeidh impleachtaí mhóra aige seo ar chúrsaí tráchta san eastáit & thart timpeall na scoileanna ag amannta oscailte agus dúnta na scoile, ach go háirithe. Mar nach bhfuil ach bóthar amháin isteach & amach as Gleanntán Beallairmín, beidh orainn ar fad oibriú le chéile le dul i ngleic leis na hathraithe agus na dúshláin tráchta a thiocfaidh leis seo. Baineann sé seo leis an dá scoil agus dá mhéid socruithe gur féidir linn a chur i bhfeidhm ón tús is ea is fearr.

Tá teagmháil déanta ag an mBord Bainistíochta le Bunscoil Oideachas le Chéile na Céime le cruinniú a eagrú leis na cúrsaí seo a phlé agus tá súil againn tré chomhoibriú le chéile go mbeimíd in ann aontú ar phlean roimh oscailt an fhoirgnimh, a bheidh tairbheach agus sásúil do thuistí agus do bhainistíocht an dá scoil.

*Stepaside ETNS's new school building is nearing completion and they will be moving into Belarmine Vale in early February. It is timely therefor that we look at traffic management and parking issues around the school, review our practices to date and set out new procedures going forwards.*

*There is no doubt but that this will have an impact on traffic in the estate, and in the immediate vicinity of both schools at opening and closing times in particular. As there is only one access road in to and out of Belarmine Vale, we will all have to work together to get to grips with the changes and challenges this will bring. This is an issue that will effect both schools and the more arrangements that are put in place from the start the better and easier it will be for everyone.*

*The Board of Management has contacted Stepaside ETNS to arrange a meeting to discuss these issues and we hope that by working together we can agree on a plan prior to the opening of the new building, that will be both beneficial and agreeable to the parents and managers of both schools*

## Am Tosaithe/Am Críochnaithe Start/Finish Times



Tá 20 nóiméad idir am tosaithe & am críochnaithe an dá scoil.

Tosaíonn an lá scoile i Stepaside ETNS ag 08:30 agus críochnaíonn sí ag 14:10

Tosaíonn an lá scoile i nGaelscoil Thaobh na Coille ag 08:50 agus críochnaíonn sí ag 14:30

*There are 20 minutes between the start & finish times of schools.*

*Stepaside Educate together start the school day at 08:30 and finish at 14:10*

*Gaelscoil Thaobh na Coille start the school day at 08:50 and finish at 14:30*

## Bealach Isteach & Amach as Stepaside ETNS Access & Exit to Stepaside ETNS



Beidh an bealach isteach agus amach ag Stepaside ETNS ar an mbóthar a théann suas le taobh na scoile.

Iarrtar ar thuistí Ghaelscoil Thaobh na Coille gan úsáid a bhaint as an mbóthar sin ionas nach mbeidh bac ar ghluaiseacht na tráchta isteach agus amach as an scoil comharsanachta.

*Access and exit gates to Stepaside ETNS will be on the roadway that goes along the side of the school.*

*We ask parents of Gaelscoil Thaobh na Coille not to use this roadway so as not to impede the flow of traffic in and out of our neighbouring school.*

# Bainistiú Tráchta & Páirceáil Traffic Management & Parking

## CÓRAS TRÁCHTA AON SLÍ

Tá córas tráchta aon slí i bhfeidhm againn ar an mbóthar lasmuigh de láthair na scoile & laistigh de gheataí na scoile. Cuireadh i bhfeidhm é go príomha leis an ngluaiseacht tráchta a éascú agus le sábháilteacht na bpáistí a chinntiú agus iad ag turlaingt as na carranna.

- Tá dhá gheata scoile ann: An geata ISTEACH & an geata AMACH.
- Tiomáin isteach an geata is faide uait (an 2ú geata) & amach an geata is cóngaraí do Bheallairmín (an chéad gheata)
- Gluaiseann na carranna ar fad san aon treo amháin ón uair go dtrasnaíonn siad céad gheata na scoile.
- Gluaiseann na carranna ar fad thar an chéad gheata, isteach an dara gheata agus amach an chéad gheata arís.

Ciallaíonn sé seo gur féidir leis an trácht gluaiseacht go héasca gan dul i ngleic le carranna atá ag iarraidh casadh timpeall nó carranna atá ag gluaiseacht sa mhalairt treo.

## *ONE-WAY SYSTEM*

*We operate a one-way system on the roadway directly outside the school and inside in the school grounds. It was put in place primarily to facilitate the flow of traffic and to ensure the safety of the children as they disembark from cars.*

- *There are two gates to the school. One entrance gate (ISTEACH) & one exit gate (AMACH).*
- *Enter by the furthest gate (the 2nd gate) and exit by the gate nearest to Belarmine Estate (the 1st gate).*
- *On passing the first school gate all cars travel in the same direction (one-way in operation).*
- *All cars travel past the first gate, in the second gate and out the first gate to leave the area again.*

*This allows traffic to flow without having to contend with drivers making u turns or cars driving in the opposite direction.*

## Páirceáil Parking



Tá ionaid páirceála ar fhearann na scoile agus i ngar don scoil fíor-ghann. Molaimíd go mór dóibh siúd gur féidir leo é siúl nó rothaíocht chun na scoile. Más gá an carr a úsáid le páistí a thabairt ar scoil molaimíd páirceáil píosa beag ón scoil agus siúl isteach go Gleanntán Beallairmín.

*Parking places in the school grounds and in the vicinity of the school are extremely limited. We strongly recommend that those of you who can, walk or cycle to school. If you have to drive your child/ children to school we suggest that you park a little bit away from the school and walk into Belarmine Vale.*

## PÁIRCEÁIL ar fhearann na scoile

- Is d'fhoireann na scoile amháin na hionaid páirceála os comhair na scoile amach.
- Is do thuismitheoirí/feighlithe na hionaid páirceála (24) in aice leis na cúirteanna cispheile.
- Ná páirceáil ach 'sna háiteanna atá ceadaithe. Ná páirceáil ar aon chosán nó ar chiumhais féir.
- Ceadaítear do charranna stopadh **go sealadach** in aice leis na hionaid páirceála mí-chumais le páistí a scaoileadh amach. (Níor chóir go bhfágfadh an tiománaí an carr)
- Ní ceadaítear páirceáil dhúbalta chun tosaigh ar an scoil, ar feadh tréimhse ama ar bith, ag uair ar bith.

## PÁIRCEÁIL lasmuigh den scoil

**Gleanntán Beallairmín** : Iarraimíd ar thuistí Ghaelscoil Thaobh na Coille gan páirceáil in aon áit i nGleanntán Beallairmín ach amháin i gcarrchlós na dtuistí sa scoil nó 'sna hionaid páirceála oifigiúil ar an mbóthar os comhair na scoile.

## Searmanais Reiligiúnda
Religious Ceremonies



R6 Searmanas an tSolais
Service of Light
Déardaoin 8 Feabhra
Séipéal Mhuire
Áth an Ghainimh
**St Mary's Church**
Sandyford
08/02/2018
7pm



R2 Céad Fhaoistin
First Confessions
Déardaoin 22 Feabhra
Séipéal Mhuire
Áth an Ghainimh
**St Mary's Church**
Sandyford
22/02/2018
7pm



R6 Cóineartú
Confirmation Date
Dé hAoine 16 Márta
Séipéal Mhuire
Áth an Ghainimh
**St Mary's Church**
Sandyford
16/03/2018
11am



## R2A & R2B Ceachtanna Snámha

Beidh daltaí R2 ag freastal ar cheachtanna snámha ón 12/01/2018 ar feadh 9 seachtainí. Costas €65

*Rang a 2 will be attending swimming lessons from the 12/01/2017 for 9 weeks.*

## PARKING in the school grounds

- *Parking in the car parking spaces to the front of the school is reserved for school staff only.*
- *Parents/minders may park in the parking spaces (24) beside the basketball courts.*
- *Park only in designated areas. Do NOT park on any footpath or grass verge.*
- *Cars dropping off children may stop* ***briefly*** *beside the disabled parking spaces to allow children to disembark (drivers should not leave their cars)*
- *Double parking to the front of the school, for any length of time is NOT permitted at any time.*




## PARKING in the vicinity of the school

***Belarmine Vale:*** *We ask parents of Gaelscoil Thaobh na Coille not to park anywhere in Belarmine Vale except in the parent's carpark in the school grounds or in the official parking spaces on the roadway directly in front of the school.*

## SRIANTA PÁIRCEÁLA ar Ghleanntán Beallairmín

Tá bóthar Ghleanntán Beallairmín fíor-chúng agus cuirtear bac ar ghluaiseacht na tráchta isteach agus amach ón scoil muna gcoiméadtar glan ó pháirceáil é.

Nuair a thosaigh Castlethorn ar thithe a thógáil taobh thiar den scoil chuir dlr iachaill orthu cóin tráchta a chuir ar dhá thaobh an bhóthair i nGleanntán Beallairmín (díreach os comhair an suíomh ar a bhfuil an scoil nua tógtha anois). Déanadh é seo ar chúiseanna sláinte agus slándála. Chuidigh sé seo go mór le saor-ghluaiseacht na tráchta isteach agus amach as ár scoil de bhrí nach raibh carranna ag páirceáil ar thaobh an bhóthair níos mó.

Táimíd ag súil agus ag moladh go láidir go gcoinnítear an bóthar os comhair Stepaside ETNS glan ó pháirceáil i gcónaí, rud a chinn-teoidh go mbeidh bealach isteach agus amach saor ó bhac ag tuistí ag an dá scoil.

## PARKING RESTRICTIONS on Belarmine Vale

*The roadway in Belarmine Vale is extremely narrow and unless the roadside is kept clear of parking at all times movement in and out of the school is severely hampered.*

*When Castlethorn started building houses at the back of our school dlr required that they place traffic cones on either side of the road in Belarnine Vale (along the roadway in front of the site where the new school building is today). This was done for health and safety reasons. As cars could no longer park on either side of the road it improved the free flow of traffic in and out to our school significantly.*

*We hope and strongly suggest that the roadway to the front of Stepaside ETNS remain a clearway, allowing parents from both schools unobstructed access in and out of their respective schools.*

## PÁIRCEÁIL in Eastát Beallairmín

Tuigimíd go mbíonn daoine faoi bhrú ar maidin ag iarraidh páistí a fhágáil ar scoil roimh dul ag obair ach iarrtar oraibh:

- Tiomáint go réidh, agus coinneáil leis an luas teorann
- Gan bealach amach daoine a chónaíonn i mBeallairmín a bhlocáil
- A bheith foighneach agus cead isteach is amach a thabhairt do thiomáithe a bhíonn ag iarraidh dul sa mhalairt treo
- Gan páirceáil ar an bhféar nó in áiteanna páirceála príomháideacha.




## PARKING in Belarmine Estate

*We appreciate that people are under pressure in the mornings to drop their children to school before heading to work HOWEVER we ask you to please*

- *Drive carefully and adhere to the speed limit*
- *Do not block resident's access and exit routes*
- *Be patients and considerate of residents and drivers going in the opposite direction*
- *Do not park on the grass or in any private parking spots*

# Dátaí do Dialann Dates for Your Diary

08/01/18 : Athoscailt na scoile don dara théarma - School re-opening for second term

22/01/18 : Ceolchoirm *'Graffitti Classics'* sa scoil. *'Graffitti Classics'* in the school €2

29/01/18 : Scoil dúnta do na páistí : No school for children (in-service day)

30/01/18 : N1 Clár Imdhíonta le haghaidh scoileanna HSE Schools Immunisation programme

31/01/18 : AGM Coiste na dTuismitheoirí

08/02/18 : R6A/R6B Searmanas an tSolais 7pm Séipéal Mhuire, Áth an Ghainimh

15/02/18 - 16/02/18 : Scoil dúnta don bhriseadh meán-téarma. School closed for mid-term break

22/02/18 : R2A/R2B Céad Fhaoistin 7pm Séipéal Mhuire, Áth an Ghainimh

13/03/18 : R1, R2, R3 - Ceardlann Drumadóireachta Drumming Workshop

16/03/18 : R6 Cóineartú 11am Séipéal Mhuire, Áth an Ghainimh

19/03/18 : Scoil dúnta. Lá saoire poiblí ar son Lá le Pádraig. Public holiday

20/03/18 : R4, R5, R6 - Ceardlann Drumadóireachta Drumming Workshop

23/03/18 : Scoil ag dúnadh ag 12:00 do shaoire na Cásca School closing at 12:00 for the Easter Holidays.

26/03/18 - 06/04/18 : Scoil dúnta do shaoire na Cásca. School closed for the Easter Holidays

09/04/18 Ath-oscailt na scoile do théarma an tSamhraidh. Re-opening of the school for the Summer term.

## Cruinniu Cinn Bhliana
## Cumann na dTuismitheoirí
### Céadaoin 31 Eanáir 7.30pm

Mar thuismitheoir sa scoil is ball thú de Chumann na dTuismitheoirí. Tugtar cuireadh duit freastal ar Chruinniú Cinn Bhliana an chumainn i halla na scoile ar an gCéadaoin 31 Eanáir.

Is grúpa oibre fuinniúil tuismitheoirí é Coiste na dTuismitheoirí a eagraíonn ócáidí éagsúla, taitneamhacha, sóisialta agus tiomsaithe airgid sa scoil i rith na bliana. Fáiltimíd roimh inchur gach duine agus iarraimíd oraibh tacú leis na hócáidí éagsúla a eagraítear ionas go n-éireoidh go maith leis na himeachtaí scoile seo.

**Tuile eolais le teacht**

## Cumann na dTuismitheoirí
## AGM
### Wednesday 31st January 7.30pm

As a member of the Parents Association of Gaelscoil Thaobh na Coille, you are invited to attend the Annual General Meeting in the school hall on Wednsday 31$^{st}$ January.

Coiste na dTuismitheoirí is a vibrant working group of parents from the school who organise various social & fundraising events in the school throughout the year. We welcome everybody's contribution and encourage you to participate in order to ensure these events are as successful as possible.

**More information to follow**